Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**5629/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0417 (NLE)**

**CORDROGUE 4**
**SAN 52**
**RELEX 72**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 65ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 65ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú le Prótacal 1972 (‘an Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha’) i bhfeidhm an 8 Lúnasa 1975.

(2) De bhun Airteagal 3 den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, féadfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur le Sceidil an Choinbhinsiúin. Ní féidir leis athruithe a dhéanamh ar na Sceidil ach amháin i gcomhréir le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), ach is féidir leis cinneadh a dhéanamh freisin gan na hathruithe atá molta ag EDS a dhéanamh.

(3) Tháinig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 (‘an Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha’) i bhfeidhm an 16 Lúnasa 1976.

(4) De bhun Airteagal 2 den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, féadfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur le Sceidil an Choinbhinsiúin nó iad a bhaint, ar bhonn moltaí EDS. Tá cumhachtaí lánroghnacha leathana aige tosca eacnamaíocha, sóisialta, dlíthiúla, riaracháin agus eile a chur san áireamh, ach ní féidir leis gníomhú go treallach.

(5) Bíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar Sceidil an Choinbhinsiúin um Dhrugaí Támhshuanacha agus an Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha ar raon feidhme dhlí an Aontais i réimse an rialaithe drugaí. Tá feidhm ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle[1] maidir le substaintí a liostaítear i Sceidil na gCoinbhinsiún sin. Dá bhrí sin, déantar aon athrú ar na Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin a ionchorprú go díreach i gcomhrialacha an Aontais.

(6) Le linn an 65ú seisiún dá chuid atá sceidealaithe don 14 go dtí an 18 Márta 2022 i Vín, tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha chun cinneadh a dhéanamh maidir le trí shubstaint nua a chur le Sceidil an Choinbhinsiúin um Dhrugaí Támhshuanacha agus an Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(7) Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha ná sa Choinbhinsiún um Shubstaintí Síceatrópacha. Tá stádas breathnóra nach bhfuil cearta vótála aige sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ach tá 12 Bhallstát ina gcomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu sa 65ú seisiún[2]. Is gá don Chomhairle údarú a thabhairt do na Ballstáit sin seasamh an Aontais a chur in iúl maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin sin ós rud é gur faoi inniúlacht an Aontais a thagann cinntí den sórt sin maidir le substaintí nua a chur lena Sceidil.

---

1 Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8).

2 An Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.

(8) Mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte dhá shubstaint nua a chur le Sceideal I den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus substaint nua amháin a chur le Sceideal II den Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(9) Déanann an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí faireachán ar gach substaint a d'athbhreithnigh Coiste Saineolaithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar Spleáchas ar Dhrugaí ('an Coiste Saineolaithe') agus a mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a sceidealú mar shubstaintí sícighníomhacha nua faoi théarmaí Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(10) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is ópóideach sintéiseach é broirfín (ainm ceimiceach: 1-{1-[1-(4-brómaifeinil)eitil]pipiridín-4-il}-1,3-déhidri-2*H*-beinsimíodasóil-2-ón) cosúil le hópóidigh shintéiseacha eile é amhail moirfín agus feintinil. Féadfaidh broirfín a bheith intiontaithe ina bheasiotraimíd, ar ópóideach é atá liostaithe i Sceideal I den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha. Níl aon úsáidí teiripeacha ag broirfín agus níl údarú margaíochta faighte aige mar tháirge míochaine. Tá dóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as broirfín nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as agus go bhféadfadh sé a bheith ina fhadhb sláinte phoiblí agus shóisialta a fhágann gur gá í a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí broirfín i Sceideal I den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (IO L 376, 27.12.2006, lch. 1).

(11) Braitheadh broirfín i gceithre Bhallstát agus rialaítear é i dtrí Bhallstát ar a laghad. Tá baint aige le meisce neamh-mharfach amháin agus tá dian-fhaireachán á dhéanamh air faoi láthair ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas broirfín a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(13) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is ópóideach sintéiseach í meitóineataiséin (ainm ceimiceach: *N,N*-dé-eitil-2-(2-(4-meatocsaibeinsil)-5-nítri-1*H*-beansó[d]imideasól-1-il)eatán-1-amíni) atá cosúil ó thaobh struchtúir de le iseatóineataiséin agus eitóineataiséin a bhfuil an dá cheann acu liostaithe i Sceideal I den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha. Rinneadh staidéar ar mheitóineataiséin i samhlacha réamhchliniciúla maidir lena éifeachtaí anailgéiseacha ach ní fios go bhfuil aon úsáid theiripeach ag baint léi. Tá dóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as meitóineataiséin nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti agus go bhféadfadh sí a bheith ina fadhb sláinte phoiblí agus shóisialta a fhágann gur gá í a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí meitóineataiséin i Sceideal I den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(14) Braitheadh meitóineataiséin i dtrí Bhallstát agus rialaítear í i dtrí Bhallstát ar a laghad. Tá baint aici le bás amháin agus tá dian-fhaireachán á dhéanamh uirthi faoi láthair ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas meitóineataiséin a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(16) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe, is cáitíonón sintéiseach é eotalón (ainm ceimiceach: 1-(1,3-beinsidé-ocsal-5-il)-2-(eitiolaimíni)bútán-1-ón) atá cosúil ó thaobh struchtúir ceimiceach de agus a bhfuil cosúlachtaí cógaseolaíochta aige, le hamfataimíní agus cáitíonóiní atá faoi rialú idirnáisiúnta cheana féin. Tá caitionóiní ghaolmhara, amhail meitiolón agus *N*-eitilenópeintiolón, liostaithe faoi Sceideal II den Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha. Ní fios aon úsáidí teiripeacha ag eotalón agus níl údarú margaíochta faighte aige mar tháirge míochaine. Tá dóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as eotalón nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as agus go bhféadfadh sé a bheith ina fhadhb sláinte phoiblí agus shóisialta a fhágann gur gá í a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí eotalón i Sceideal II den Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(17) Braitheadh eotalón i 20 Ballstát agus rialaítear é in dhá Bhallstát ar a laghad. Tá baint aige le meisce neamh-mharfach amháin agus braitheadh i dtrí shampla bhitheolaíocha é a bhaineann le teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha. Tá dian-fhaireachán á dhéanamh ar eotalón faoi láthair ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas eotalón a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(19) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a bhunú, mar beidh tionchar díreach ag na cinntí maidir le sceidealú i ndáil leis na trí shubstaint ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Cinneadh Réime 2004/757/CGB.

(20) Tá na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha chun seasamh an Aontais a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

(21) Tá an Danmhairg faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(22) Tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit, thar ceann an Aontais, sa 65ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ón 14 go dtí an 18 Márta 2022, nuair a iarrfar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh maidir le substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann le Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú le Prótacal 1972, agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971, beidh sé i gcomhréir leis an seasamh a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, cuirfidh siad in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh.

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

Maidir leis an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit is comhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha iad, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais, le linn an 65ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ón 14 go dtí an 18 Márta 2022 maidir le sceidealú substaintí:

(1) Áireofar broirfín i Sceideal I den Choinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú le Prótacal 1972.

(2) Áireofar meitóineataiséin i Sceideal I den Choinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú le Prótacal 1972.

(3) Áireofar eotalón i Sceideal II den Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971.